

### LÁRIONAD NA GAEILGE, TEG & TG4

Léigh an t-alt thíos agus freagair na ceisteanna ar an gcéad leathanach eile.

Sa bhliain 1971 a bunaíodh Ionad na dTeangacha, nó Lárionad na Gaeilge mar atá aithne anois air, in Ollscoil Mhá Nuad, an chéad ionad ollscoile **dá leithéid** in Éirinn.

Nuair a bunaíodh Ionad na dTeangacha ar dtús, bhí **an bhéim** ar na teangacha Eorpacha uilig, an Ghaeilge ina measc. Ceapadh Anna Ní Ghallchóir, Conallach agus cainteoir dúchais Gaeilge, ina stiúrthóir ar an ionad. Bhí blianta caite ag Anna sa Fhrainc ag plé leis na teangacha Eorpacha agus mar gheall air sin bhí dearcadh idirnáisiúnta Eorpach aici. **Anuas air sin**, mar chainteoir dúchais Gaeilge bhí tuiscint an-mhaith aici ar an nGaeilge agus ar chás na Gaeilge, agus ina ról mar stiúrthóir ar Ionad na dTeangacha thug sí an dá rud sin le chéile. Bhí sí ag breathnú ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta, ar na forbairtí móra a bhí á ndéanamh i **dteagasc** agus i **measúnú** teangacha, an Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha, agus an t-ábhar teagaisc dílis a bhí á fhorbairt d'fhoghlaimeoirí teanga san Eoraip, agus chonaic sí deiseanna úra don Ghaeilge.

#### An Fráma Tagartha Comónta Eorpach agus TEG

Foilsíodh an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) sa bhliain 2001. An rud is tábhachtaí faoin bhFráma Tagartha, b'fhéidir, ná gur spreag sé daoine le breathnú ar an bhfoghlaimeoir teanga ar bhealach úr – mar úsáideoir teanga. Is cuma cén leibhéal ag a bhfuil na foghlaimeoirí, ba cheart dúinn a bheith ag cuimhneamh ar cén áit agus cén chaoi a mbeidh siad in ann úsáid a bhaint as an teanga ina saol féin. Sin **sprioc na foghlama**, de réir an FTCE.

Tá **an cur chuige** sin le feiceáil go han-soiléir i dTeastas Eorpach na Gaeilge – **siollabais** agus córas neamhspleách **scrúduithe** atá forbartha ag an Lárionad bunaithe ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach. Tugann TEG struchtúr agus spriocanna soiléire d'fhoghlaimeoirí le tacú leo a **gcumas cumarsáide** sa Ghaeilge a fhorbairt **céim ar chéim**.

#### TG4 agus ábhar dílis teagaisc

Séard is brí le hábhar dílis teagaisc nó 'authentic materials' sa Bhéarla, ná ceachtanna teanga atá bunaithe ar mhíreanna raidió agus teilifíse nó ar théacsanna a léann daoine sa ghnáthshaol, seachas téacsanna a chumtar ar mhaithe le foghlaimeoirí.

An fhealsúnacht atá taobh thiar den ábhar dílis ná, má táimid ag iarraidh **foghlaimeoirí a chumasú** le hiad féin a shamhlú mar úsáideoirí teanga, caithfimid an bhearna idir úsáid na teanga sa seomra ranga agus úsáid na teanga sa saol mór a dhúnadh beagáinín.

Tá obair **cheannródaíoch** déanta ag an Lárionad i gcomhar le TG4 le 25 bliain anuas le hábhar dílis a fhorbairt do lucht teagaisc agus foghlama na Gaeilge. Tá na céadta ceacht cruthaithe bunaithe ar mhíreanna físe ó Nuacht TG4 agus ón sobalchlár Ros na Rún agus tá an t-ábhar sin ar fad ar fáil saor in aisce don phobal faoin rannóg SnasTV ar an suíomh [www.snas.ie](http://www.snas.ie).

## TEG B1 Aonad 13

### Teangacha eile: Léamh

Bíonn ranganna Gaeilge ar fáil sa Lárionad freisin d'fhoghlaimeoirí ag gach leibhéal ó A1 go C1, chomh maith le **sainchúrsaí** oiliúna ar líne ar theagasc na Gaeilge agus ar chúrsaí aistriúcháin agus eagarthóireachta.

1. Aimsigh an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí thíos atá sa téacs.

|                          |  |
|--------------------------|--|
| a) of its kind           |  |
| b) the emphasis          |  |
| c) on top of that        |  |
| d) teaching              |  |
| e) assessment            |  |
| f) learning objective    |  |
| g) approach              |  |
| h) syllabuses            |  |
| i) exams                 |  |
| j) communicative ability |  |
| k) step by step          |  |
| l) to enable learners    |  |
| m) pioneering            |  |
| n) specialised courses   |  |

Freagair na ceisteanna seo a leanas:

2. Is as \_\_\_\_\_ ó dhúchas í Anna Ní Ghallachair.

3. Cuir tic leis an ráiteas is fearr a léiríonn cén tionchar is mó a bhí ag taithí agus tuiscint idirnáisúnta Anna ar chúrsaí teanga:

- ☐ Bhí ar a cumas cúrsaí i dteangacha éagsúla a mhúineadh.
- ☐ D'éirigh léi teagasc agus measúnú na Gaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt bunaithe ar an taithí sin.
- ☐ D'fhorbair sí scrúduithe teanga don Ghaeilge agus do theangacha eile.

4. Cén fhad atá an FTCE ar an bhfód?

5. Cén ráiteas is fearr a chuireann síos ar dhearcadh Lárionad na Gaeilge maidir leis an bhfoghlaimeoir Gaeilge?

- ☐ Ba cheart go mbeadh an foghlaimeoir in ann an Ghaeilge a úsáid ina saol féin, is cuma cén leibhéal atá acu.
- ☐ Níor cheart go mbeadh an foghlaimeoir Gaeilge ag úsáid na Gaeilge ina saol féin go dtí go mbeidh líofacht sa teanga acu.
- ☐ Ba cheart don fhoghlaimeoir scrúduithe TEG a dhéanamh.

6. Luaigh trí chineál duine a dhéanann cúrsaí i Lárionad na Gaeilge:

- \_\_\_\_\_
- \_\_\_\_\_
- \_\_\_\_\_

Anois, téigh go dtí SnasTV ar [www.snas.ie](http://www.snas.ie) áit a bhfuil ábhar teagaisc agus foghlama atá bunaithe ar Nuacht TG4, Ros na Rún agus Saol Ella le fáil!



## FEASACHT TEANGA (TUISEAL GINIDEACH)

*Léigh an ríomhphost thíos ó Shiobhán chuig a cara Seán agus cuir líne faoi na samplaí den Tuiseal Ginideach a aimsíonn tú ann.*

A Sheáin, a chara liom,

Conas atá an saol i gCathair na Gaillimhe? Conas atá muintir na hoifige? Caithfidh mé a rá go bhfuilim uaigneach go leor anseo i mBaile Átha Cliath. Tá trí mhí ann anois ó d'fhág mé an post in Údarás na Gaeltachta. Nach deacair é sin a chreidiúint?

Tá brón orm gur thóg sé chomh fada seo orm teachtaireacht a chur chugat ach tá a fhios agat féin go nglacann sé tamall socrú síos in áit nua. Bhí mé ag iarraidh fanacht go ceann tamaill pé scéal é. Ní raibh mé ag iarraidh píosaí beaga nuachta a chur chugat i dtéacsanna gearra. Mar sin, táim ag cur an-chuid nuachta chugat ag an am céanna!

Tá an post anseo i gColáiste na Tríonóide an-difriúil i gcomparáid leis an bpost a bhí agam i nGaillimh. Tá roinnt dualgas orm anseo nach raibh orm sa seanphost. Bíonn orm freastal ar go leor cruinnithe agus bíim ag plé le an-chuid páipéarachais. Táim freagrach as an suíomh idirlín a choimeád suas chun dáta chomh maith. Tá go leor brú ag baint leis ach táim fós ag foghlaim is dócha! Tá mo chomhghleacaithe an-deas agus tugann siad an-chuid tacaíochta dom. Tá sé i bhfad níos fusa a bheith ag déanamh na hoibre nuair atá an comhlúadar go deas.

Thosaigh mé ar chúrsa Fraincise anseo chomh maith. Tá sé á rá agam le fada go ndéanfaidh mé cúrsa le feabhas a chur ar mo chuid Fraincise. Tá an Alliance Française in aice leis an gcoláiste agus ní raibh aon leithscéal agam mar sin. Bhí mo chuid Fraincise i gcónaí ceart go leor ach bhraith mé go raibh meirg tagtha ar mo chuid scileanna labhartha nuair a bhíomar i bPáras i rith laethanta saoire na Nollag. Tá an múinteoir ar fheabhas agus táim ag foghlaim go leor scileanna teanga nua chomh maith le rialacha gramadaí a bhí dearmadta agam!

Bhí an t-ádh dearg orm. Fuair mé seomra i dteach breá i dtuaisceart na cathrach, in aice le Mullach Íde. Táim ag roinnt an tí le beirt eile – fear as Co. Aontroma agus cailín as Co. na Gaillimhe. Tá seisean ag obair le hIarnród Éireann agus is mac léinn ollscoile ise. Tá siad fíordheas ach toisc go bhfuil mo chuid uaireanta oibre chomh fada sin agus go bhfuil an suíomh oibre trasna na cathrach (turas traenach uair an chloig), ní fheicim rómhinic iad.

Táim an-sásta go bhfuil Liam ina chónaí in aice liom. Is deas bualadh leis chun cúrsaí an tsaoil seachas cúrsaí oibre a phlé. Táimid beirt ag dul go dtí an cluiche peile idir Ciarraí agus Maigh Eo ar an Domhnach.

Cathain a bheidh tú ag tabhairt cuairte ar an ardchathair? Aon seans go dtiocfá roimh dheireadh na míosa? Cuir glaoch orm má theastaíonn uait teacht don deireadh seachtaine. Tá a lán ceolchoirmeacha ar siúl i rith na míosa seo. Bí i dteagmháil, mar sin - tá mo chuid sonraí teagmhála ar fad agat.

Abair leis an dream thiar go raibh mé ag cur a dtuairisce.

Ag súil le cloisteáil uait.

Do chara,

Siobhán.



## MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé:  |  |  |  |  |
|---------------------------------|--|-------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------|
| 1.                              |  |                                                                                     |                                                                                     |                                                                                     |
| 2.                              |  |                                                                                     |                                                                                     |                                                                                     |
| 3.                              |  |                                                                                     |                                                                                     |                                                                                     |
| 4.                              |  |                                                                                     |                                                                                     |                                                                                     |
| 5.                              |  |                                                                                     |                                                                                     |                                                                                     |
| 6.                              |  |                                                                                     |                                                                                     |                                                                                     |
| 7.                              |  |                                                                                     |                                                                                     |                                                                                     |
| 8.                              |  |                                                                                     |                                                                                     |                                                                                     |
| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |  |                                                                                     |                                                                                     |                                                                                     |
|                                 |  |                                                                                     |                                                                                     |                                                                                     |

## FREAGRAÍ

### LÉAMHTHUISCINT

1.

|                          |                        |
|--------------------------|------------------------|
| a) of its kind           | dá leithéid            |
| b) the emphasis          | an bhéim               |
| c) on top of that        | anuas air sin          |
| d) teaching              | teagasc                |
| e) assessment            | measúnú                |
| f) learning objective    | sprioc na foghlama     |
| g) approach              | cur chuige             |
| h) syllabuses            | siollabais             |
| i) exams                 | scrúduithe             |
| j) communicative ability | cumas cumarsáide       |
| k) step by step          | céim ar chéim          |
| l) to enable learners    | foghlaimoirí a chumasú |
| m) pioneering            | cheannródaíoch         |
| n) specialised courses   | sainchúrsaí            |

2. Is as Dún na nGall/Tír Chonaill ó dhúchas í Anna Ní Ghallachair.
3. D'éirigh léi teagasc agus measúnú na Gaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt bunaithe ar an taithí sin.
4. Ó 2001, 24 bliain in 2025.
5. Ba cheart go mbeadh an foghlaimoir in ann an Ghaeilge a úsáid ina saol féin, is cuma cén leibhéal atá acu.
6. Trí chineál duine a dhéanann cúrsaí le Lárionad na Gaeilge:
  - foghlaimoirí Gaeilge ag gach leibhéal
  - múinteoirí Gaeilge
  - daoine atá ag iarraidh oiliúint a fháil san aistriúchán

### FEASACHT TEANGA

A Sheáin, a chara liom,

Conas atá an saol i **gCathair na Gaillimhe**? Conas atá **muintir na hoifige**? Caithfidh mé a rá go bhfuilim uaigneach go leor anseo i mBaile Átha Cliath. Tá trí mhí ann anois ó d'fhág mé an post in **Údarás na Gaeltachta**. Nach deacair é sin a chreidiúint?

Tá brón orm gur thóg sé chomh fada seo orm teachtaireacht a chur chugat ach tá a fhios agat féin go nglacann sé tamall socrú síos in áit nua. Bhí mé ag iarraidh fanacht **go ceann tamaill** pé scéal é. Ní raibh mé ag iarraidh **píosaí beaga nuachta** a chur chugat i dtéacsanna gearra. Mar sin, táim ag cur **an-chuid nuachta** chugat ag an am céanna!

Tá an post anseo i **gColáiste na Tríonóide** an-difriúil i gcomparáid leis an bpost a bhí agam i nGaillimh. Tá **roinnt dualgas** orm anseo nach raibh orm sa seanphost. Bíonn orm freastal ar **go leor cruinnithe** agus bím ag plé le **an-chuid páipéarachais**. Táim freagrach as an **suíomh idirlín** a choimeád suas chun dáta chomh maith. Tá **go leor brú** ag baint leis ach táim fós ag foghlaim is dócha! Tá mo chomhghleacaithe an-deas agus tugann siad **an-chuid tacaíochta** dom. Tá sé i bhfad níos fusa a bheith **ag déanamh na hoibre** nuair atá an comhlúadar go deas.

Thosaigh mé ar **chúrsa Fraincise** anseo chomh maith. Tá sé á rá agam le fada go ndéanfaidh mé cúrsa le feabhas a chur ar **mo chuid Fraincise**. Tá an Alliance Francaise in aice leis an gcoláiste agus ní raibh aon leithscéal agam mar sin. Bhí **mo chuid Fraincise** i gcónaí ceart go leor ach bhraith mé go raibh meirg tagtha ar **mo chuid scileanna** labhartha nuair a bhíomar i bPáras i rith laethanta **saoire na Nollag**. Tá an múinteoir ar fheabhas agus táim ag foghlaim **go leor scileanna teanga** nua chomh maith le **rialacha gramadaí** a bhí dearmadta agam!

Bhí an t-ádh dearg orm. Fuair mé seomra i dteach breá i **dtuaisceart na cathrach**, in aice le Mullach Íde. Táim **ag roinnt an tí** le beirt eile – fear as Co. Aontroma agus cailín as Co. na Gaillimhe. Tá seisean ag obair le **hlarnród Éireann** agus is **mac léinn ollscoile** ise. Tá siad fiordheas ach toisc go bhfuil mo chuid **uaireanta oibre** chomh fada sin agus go bhfuil an **suíomh oibre** trasna na cathrach (**turas traenach uair an chloig**), ní fheicim rómhinic iad.

Táim an-sásta go bhfuil Liam ina chónaí in aice liom. Is deas bualadh leis chun **cúrsaí an tsaoil** seachas **cúrsaí oibre** a phlé. Táimid beirt ag dul go dtí an **cluiche peile** idir Ciarraí agus Maigh Eo ar an Domhnach.

Cathain a bheidh tú **ag tabhairt cuairte** ar an ardchathair? Aon seans go dtiocfá roimh **dheireadh na míosa**? Cuir glaoch orm má theastaíonn uait teacht don **deireadh seachtaine**. Tá **a lán ceolchoirmeacha** ar siúl i **rith na míosa** seo. Bí i dteagmháil, mar sin - tá mo chuid **sonraí teagmhála** ar fad agat.

Abair leis an dream thiar go raibh mé **ag cur a dtuairisce**.

Ag súil le cloisteáil uait.

Do chara,

Siobhán.